

Ag Láimhseáil Aischothaithe agus Gearán

Deimhníonn Gael Linn go mbeidh ár gcumarsáid agus ár ndéileálacha uile leis an bpobal ginearálta agus lenár dtacadóirí den chaighdeán is airde. Táimid tiomnaithe a chinntiú go seasaimid lenár gclú mar eagraíocht mhacánta thrédhearcach, agus is í is aidhm linn, mar charthanas, na caighdeán is airde i dtiomsú airgid a chleachtadh. Éistimid le agus freagraímid do thuairimí an phobail agus ár dtacadóirí araon le go leanaimid ag feabhsú.

Fáiltíonn Gael Linn roimh aischothú, bíodh sé dearfach nó diúltach. Ar an ábhar sin is í is aidhm linn a dheimhniú:

- go bhfuil sé chomh héasca agus is féidir gearán a dhéanamh;
- go nglacaimid mar ghearán aon nochtadh soiléir míshástachta lenár ngnóthaí a thuilleann freagra;
- go ndéileálaimid leis go dáiríre, bíodh sé déanta ar theileafón, i litir, i bhfacs, trí ríomhphost, nó go pearsanta;
- go ndéileálaimid leis go tapa and go béasach;
- go ndéileálaimid leis ar bhonn cuí – mar shampla, le míniú, nó le leithscéal sa chás go bhfuil botún déanta againn, agus le heolas ar aon ghníomh a glacadh srl.;
- go bhfoghlaímimid ó ghearáin agus go mbainfí úsáid astu le feabhsú, agus go ndéanfaí faireachán orthu ag leibhéal na Bainistíochta agus an Bhoird.

Má bhíonn aischothú nó gearán agat

Má bhíonn gearán agat faoi aon ghné dár gcuid oibre is féidir teagmháil a dhéanamh le Gael Linn i scríbhinn nó ar an teileafón.

Ar an gcéad dul síos déileálfaidh ball foirne le do ghearán leis an aidhm réiteach a fháil, nó an gearán a chur ar aghaidh go dtí an duine cuí. Tabhair dúinn, le do thoil, an oiread eolais agus is féidir, chomh maith le sonraí teagmhála ábhartha agus abair linn cé mar ba mhaith leat go bhfreagróimis do ghearán.

Scríobh chuig:

Cairde Gael Linn

Gael Linn

35 Sráid an Dáma

Baile Átha Cliath 2

Teil: **01 675 1200**

Ríomhphost: cairde@gael-linn.ie

Bíonn ár n-oifig ar oscailt cúig lá sa tseachtain idir 9.00 am agus 5.00 pm, ach dúnta ó 1.00 pm go 2.00 pm gach lá.

Cad faoi mura réitítear an gearán?

Mura mbíonn tú sásta leis an bhfreagra ar do ghearán is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn arís trí scríobh chuig ár bPríomhfheidhmeannach. Cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach go mbreithneofar d'achomharc ag an leibhéal is airde agus go bhfaighidh tú freagra laistigh de dhá sheachtain ón mbreithniú seo.